An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Plean Gníomhaíochta do Sholáthar Múinteoirí

**Soláthar Múinteoirí**

**PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA - Samhain 2018**

| | | **Gníomh** | **Grúpa Oibre** | **Eagraíocht i gceannas** | **Spriocdháta** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bailiú Sonraí agus Anailís** | 1. | Sonraí agus úinéireacht sonraí a shainaithint chun tacú le soláthar múinteoirí ionaid ar leibhéal na bunscoile. | Grúpa Oibre Sonraí | An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| | 2. | Sonraí a shainaithint chun tacú le hanailís ar éileamh ar mhúinteoirí ábhair ar leibhéal na hiar-bhunscoile. | Grúpa Oibre Sonraí | An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| **An Ghairm a chur chun cinn/ Tairseach a fhorbairt** | 3. | Fóram comhairliúcháin do pháirtithe leasmhara le reáchtáil | Grúpa Oibre Cumarsáide | An Chomhairle Mhúinteoireachta/ An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 3 2018 |
| | 4. | Cúig cinn d'fhócasghrúpaí réigiúnacha le reáchtáil | Grúpa Oibre Cumarsáide | An Chomhairle Mhúinteoireachta/ An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| | 5. | Feachtas chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn lena n-áirítear tagairt do phróiseas clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta<br>• Ceardlann tosaigh le tionól chun na príomhtheachtaireachtaí a shainaithint.<br>• Bailchríoch le cur ar phlean feachtais | Grúpa Oibre Cumarsáide | An Chomhairle Mhúinteoireachta/ An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 3 2018<br><br>Ráithe 4 2018 |
| | 6. | Tairseach earcaíochta múinteoirí ar líne a fhorbairt (sonraíocht do thairseach le dréachtú roimh an gcomhairliúchán leis na príomhpháirtithe leasmhara)<br>• Sonraíocht le dréachtú<br>• Cur chun feidhme don scoilbhliain 2019/20 | Grúpa Oibre Cumarsáide | An Roinn Oideachais agus Scileanna / an Chomhairle Mhúinteoireachta | Ráithe 3 2018<br>Ráithe 3 2019 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 7. | Leathanach lamairne a bhfuil naisc aige le hInstitiúidí Ardoideachais, suíomhanna gréasáin i gcomhair earcaíochta atá ann cheana féin, téarmaí agus coinníollacha oibre, clárúchán na Comhairle Múinteoireachta le forbairt. | Grúpa Oibre Cumarsáide | An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 agus ag leanúint ar aghaidh |
| | 8 | Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna chun múinteoirí atá fostaithe faoi láthair i ndlínsí eile a earcú. | Grúpa Oibre Cumarsáide | An Roinn Oideachais agus Scileanna/ an Chomhairle Mhúinteoireachta | Ráithe1 2019 |
| **An tArd-Oideachas** | 9 | Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun a iarraidh ar an gComhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoirlínte maidir le socrúchán scoile, agus béim faoi leith ar Chomhpháirtíochtaí scoile / Institiúidí Ard-Oideachais, agus moltaí a dhéanamh. Ba cheart go dtabharfaí aird san athbhreithniú sin ar cheisteanna sistéamacha ábhartha i dtaca le soláthar múinteoirí.<br><br>Tá bailchríoch le cur ar an gcur chuige | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An Chomhairle Mhúinteoireachta/ An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 3 2018 |
| | 10 | ROS chun teagmháil a dhéanamh leis na comhlachtaí bainistíochta go léir, Líonra Príomhoidí Bunscoile Éireann (IPPN) agus Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD) chun a iarraidh go mbeadh na scoileanna rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas socrúcháin scoile in 2018/19. Beidh iarratas ar rannpháirtíocht iomlán le cur san áireamh freisin san fheachtas cumarsáide (gníomhartha 3 agus 5). | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 3 2018 |
| | 11 | ROS chun:<br>(a) tuarascáil eatramhach a iarraidh ar an gComhairle Mhúinteoireachta maidir lena hathbhreithniú ar chláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM)<br>(b) Ag féachaint do thuarascáil eatramhach na Comhairle, a iarraidh ar an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) togra a fhorbairt chun | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An Roinn Oideachais agus Scileanna / an Chomhairle Mhúinteoireachta / an tÚdarás um Ard-Oideachas | Ráithe 4 2018 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na gclár OTM athchumraithe agus a gcuid éagsúlachta. | | | |
| | 12 | Tá an ÚAO chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe na gclár OTM lena áirithiú go mbeidh cláir bhreise chomhthráthacha ceithre bliana OTM i bhfeidhm do 2019/20, ar cláir iad a thabharfaidh cáilíocht do mhúinteoirí in dhá réimse ábhar, lena n-áirítear spriocábhair (Matamaitic, Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile). | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An tÚdarás um Ard-Oideachais/ an Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 3 2018 |
| | 13 | Tá an ÚAO chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe na gclár OTM chun líon breise mac-léinn sna cláir OTM iarbhunscoile comhthráthacha agus comhleanúnacha a chomhaontú, lena n-áirítear spriocábhair do 2019/20 (Matamaitic, Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile). Tá líon agus réimsí na n-ábhar le comhaontú faoi dheireadh mhí na Samhna 2018. | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An tÚdarás um Ard-Oideachais/ an Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| | 14 | Tá an ÚAO chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe na gclár OTM (a) chun tograí a fhorbairt maidir le roghanna solúbtha, ar roghanna iad a éascóidh rochtain ar an Máistreacht Gairmiúil san Oideachas (MGO) agus rannpháirtíocht ann i réimsí ábhar spriocdhírithe (Matamaitic, Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile) agus (b) chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt cláir chun múinteoirí nach bhfuil san fhórsa saothair faoi láthair a spreagadh chun filleadh ar an múinteoireacht. | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An tÚdarás um Ard-Oideachais/ an Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | 15 | Tá an ÚAO chun teagmháil a dhéanamh le soláthraithe na gclár OTM chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt clár chun breisoiliúint a chur ar mhúinteoirí atá ann faoi láthair in ábhair spriocdhírithe (Matamaitic, Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Gaeilge, Eacnamaíocht Bhaile). | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An tÚdarás um Ard-Oideachais/ an Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| | 16 | Maoiniú do dheontais chaipitil chun tacú le soláthar múinteoirí le cur ar fáil tríd an ÚAO do 2019 | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An Roinn Oideachais agus Scileanna / an tÚdarás um Ard-Oideachas | 2019 |
| | 17 | ROS chun iniúchadh a dhéanamh ar thacaíochtaí breise a chur ar fáil do mhic léinn in oideachas tosaigh múinteoirí iarchéime. | Grúpa Oibre Ard-Oideachais | An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| **Polasaithe agus nósanna imeachta** | 18 | Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta chun próiseas níos sruthlínithe a fhorbairt maidir le clárúchán múinteoirí a fuair a gcuid cáilíochtaí i ndlínsí lasmuigh den Stát. | Grúpa Oibre um Polasaithe agus Nósanna Imeachta | An Chomhairle Mhúinteoireachta/an Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| | 19 | Deireadh a chur, chomh luath agus is féidir, leis an srian atá ar mhúinteoirí atá ag postroinnt tabhairt faoi obair ionadaíochta. | Grúpa Oibre um Polasaithe agus Nósanna Imeachta | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 2019 |
| | 20 | Cead a thabhairt go fóill do mhúinteoirí atá ar shos gairme glacadh le fostaíocht don scoilbhliain 2018/19 gan aon srian ar na laethanta/na huaireanta a oibríonn siad. | Grúpa Oibre um Polasaithe agus Nósanna Imeachta | An Roinn Oideachais agus Scileanna | Ráithe 4 2018 |
| | 21 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le painéil um sholáthar múinteoirí ionaid do bhunscoileanna. | Grúpa Oibre um Polasaithe agus Nósanna Imeachta | An Roinn Oideachais agus Scileanna / Comhlachtaí Bainistíochta Scoile | Ráithe1 2019 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 22 | Comhroinnt múinteoirí sna hábhair thosaíochta idir iar-bhunscoileanna a fhiosrú. | Grúpa Oibre um Polasaithe agus Nósanna Imeachta | An Roinn Oideachais agus Scileanna / Comhlachtaí Bainistíochta Scoile | Ráithe 1 2019 |